Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9946/21**

**POLGEN 105**
**POLMIL 93**
**POLMAR 8**
**CSDP/PSDC 331**
**MARE 20**
**TRANS 410**
**ENV 441**
**HYBRID 35**
**COAFR 165**
**COASI 93**
**COMAR 18**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9439/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tslándáil mhuirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tslándáil mhuirí, a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Meitheamh 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tslándáil mhuirí**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

Á MHEABHRÚ DI:

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Muirí Comhtháite ó mhí na Nollag 2008, an 16 Samhain 2009, an 14 Meitheamh 2010, an 19 Nollaig 2011, an 11 Nollaig 2012, an 25 Meitheamh 2013 agus an 24 Meitheamh 2014[1];

– Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh an 24 Meitheamh 2014[2] agus an chéad Phlean Gníomhaíochta an 17 Nollaig 2014[3];

– conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan’, an 3 Aibreán 2017[4];

– conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil Mhuirí Dhomhanda an 19 Meitheamh 2017[5];

– conclúidí ón gComhairle maidir le ‘todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe’ an 20 Meitheamh 2017[6];

– conclúidí ón gComhairle maidir le Cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh an 5 Nollaig 2017[7];

---

1 16503/1/08 REV 1, 15175/1/09 REV 1, 10300/10, 18279/11, 16553/12 + COR 1, 10790/13 agus 11204/14
2 11205/14
3 17002/14
4 8029/17
5 10238/17
6 10370/17
7 14802/17

– conclúidí ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta do straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) an 26 Meitheamh 2018[8];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus ASEAN an 21 Eanáir 2019[9];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí an 19 Samhain 2019[10];

– conclúidí ón gComhairle maidir le beartas Artach an Aontais an 9 Nollaig 2019[11];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 an 15 Nollaig 2020[12];

– conclúidí ón gComhairle lena seoltar cás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine an 25 Eanáir 2021[13];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh - dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip an 25 Eanáir 2021[14];

– ráiteas ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021[15];

– conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach an 22 Márta 2021[16];

---

8 10494/18
9 5257/19
10 14249/19
11 14952/19
12 14064/20 + COR1
13 5387/21
14 5263/21
15 2/21
16 7290/21

– conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach an 16 Aibreán 2021[17];

– conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt - Clár oibre nua don Mheánmhuir an 16 Aibreán 2021[18];

– conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint an 10 Bealtaine 2021[19];

– conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe an 26 Bealtaine 2021[20];

1. MEABHRAÍTEAR DI gurb é is aidhm don tslándáil mhuirí úsáid shaor shíochánta na bhfarraigí a áirithiú agus gur réamhriachtanas í chun go mbeidh aigéin agus farraigí sábháilte, glana agus slána ann do gach cineál gníomhaíochta, agus gur tosaíocht shoiléir í don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit chun a leasanna straitéiseacha a chosaint; MEABHRAÍTEAR DI gur réamhchoinníoll an tslándáil mhuirí do gheilleagar gorm rathúil san Aontas; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas tiomanta Clár Oibre Straitéiseach 2019-2024 a chur chun feidhme trí ghníomhaíocht níos straitéisí a shaothrú agus trí acmhainneacht an Aontais gníomhú go neamhspleách a mhéadú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá don Aontas a ról mar sholáthraí slándála muirí domhanda a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin nua slándála atá ag dul i méid agus a dhéanann difear don chobhsaíocht dhomhanda agus a chuireann leis an iomaíocht le haghaidh acmhainní; AITHNÍONN SÍ go ndearna paindéim COVID-19 difear do gach réimse den saol, lena n-áirítear an tslándáil mhuirí;

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur bagairt eiseach an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ar an gcine daonna agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar aigéin agus farraigí folláine, go bhfuil impleachtaí méadaitheacha acu don tsíocháin dhomhanda agus don tslándáil dhomhanda agus don chobhsaíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tslándáil mhuirí, agus go bhfuil gá le freagairt chomhchoiteann phráinneach ina leith;

[17] 7914/21
[18] 7931/21
[19] 8396/21
[20] 9153/21

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, mar a chuirtear in iúl i Rún A/75/239 ó na Náisiúin Aontaithe an 31 Nollaig 2020, go leagtar amach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 'an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích'; CUIREANN SÍ I dTREIS ról an Aontais maidir le hiltaobhachas muirí éifeachtach agus ord riailbhunaithe a chur chun cinn ar fud an domhain i gcomhréir le UNCLOS; TÁ SÍ TIOMANTA comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta a neartú, go háirithe le córas na Náisiún Aontaithe (NA), lena n-áirítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus comhpháirtithe réigiúnacha, amhail an tAontas Afracach agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, d'fhonn úsáid shaor shíochánta an réimse mhuirí dhomhanda a áirithiú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go háirithe go bhfuil sí réidh chun leanúint de bheith ag obair i ndlúthchomhar le ECAT ar shaincheisteanna muirí i gcomhthéacs chur chun feidhme Dhearbhuithe Comhpháirteacha Vársá agus na Bruiséile agus na sraitheanna coiteanna tograí, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta, agus neamhspleáchas cinnteoireachta agus nósanna imeachta an dá eagraíocht á n-urramú ina n-iomláine;

4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go rannchuidíonn Straitéis Slándála Muirí an Aontais (SSMAE) agus an plean gníomhaíochta athbhreithnithe a ghabhann léi, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an tslándáil mhuirí go príomha, le spriocanna Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe SDG14 (Beatha faoin Uisce), le cur chun feidhme Straitéis Dhomhanda an Aontais, le Clár Oibre an Aontais Eorpaigh maidir le Rialachas Aigéin Idirnáisiúnta, le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024 lena n-eascróidh aistrithe digiteacha glasa, le Comhaontú Glas na hEorpa, le Beartas Muirí Comhtháite an Aontais, le straitéis bithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus leis an obair ar an gcomhar réigiúnach;

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint den bheartas a chur chun feidhme go gníomhach agus measúnú a thionscnamh ar an ngá atá le nuashonrú a dhéanamh ar SSMAE agus ar a phlean gníomhaíochta, agus na torthaí a chur ar fáil a luaithe is féidir faoi dheireadh na bliana 2021 ar a dhéanaí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil géarghá le rochtain Eorpach ar choimíneachtaí domhanda, lena n-áirítear ar an mórmhuir, le leasanna agus luachanna an Aontais agus le hord domhanda riailbhunaithe a chur chun cinn; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart aghaidh a thabhairt ar an tslándáil mhuirí faoin gCompás Straitéiseach i bhfianaise a thábhachtaí atá sí; MEASANN SÍ go rannchuidíonn an obair sin le cultúr comhchoiteann slándála agus cosanta na hEorpa a fhorbairt a thuilleadh;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí in 2020 maidir le plean gníomhaíochta SSMAE a chur chun feidhme agus IARRANN SÍ ar na gníomhaithe cur chun feidhme, go háirithe na Ballstáit, an Coimisiún, an tArdionadaí agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme a thuilleadh, go háirithe trí chomhordú agus comhar a neartú ar gach leibhéal agus ar fud na n-earnálacha (sibhialta, sibhialta-míleata, míleata-míleata), *inter alia* chun coireacht eagraithe trasnáisiúnta ar muir a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena n-áirítear píoráideacht;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise a fhorbairt don réimse muirí agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint lena iarrachtaí timpeallacht chomónta lánoibríochtúil le haghaidh an réimse muirí a bhunú i gcomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais; IARRANN SÍ freisin go gcuirfí réitigh idir-inoibritheachta na timpeallachta comónta sin chun feidhme go forleathan, agus go mbeadh sineirgíocht agus comhlántacht ann le hardáin agus córais TF atá ann cheana chun malartú faisnéise ar leibhéal an Aontais a éascú sa réimse muirí, agus an creat dlíthiúil atá ar bun cheana á chur san áireamh; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá 'an chéim idirthréimhseach in oibríochtaí' arna bainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus a cuid spriocanna insoláthartha, lena n-áirítear an Comhaontú Comhair idir na húdaráis rannpháirteacha, maidir le faisnéis a mhalartú agus seirbhísí breisluacha na timpeallachta comónta a bhunú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit páirt ghníomhach a ghlacadh sa chéim idirthréimhseach sin, lena n-áirítear le naisc ghníomhacha trí nóid atá ann cheana agus nóid nua agus leas a bhaint as na bealaí uile is gá chun an timpeallacht chomónta a chur chun feidhme go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta, agus é á aithint acu gur ar bhonn deonach a bheidh na Ballstáit rannpháirteach;

8. MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh comhair idirghníomhaireachta idir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus EMSA maidir le feidhmeanna garda cósta laistigh den socrú nua oibre, oibríochtaí níos comhtháite chomh maith le clár oibre comhordaithe sibhialta-míleata maidir le taighde ar shlándáil mhuirí a chur chun feidhme, agus TÁ SÍ AG TNÚTH le glacadh an Mholta ón gCoimisiún maidir le Lámhleabhar Praiticiúil um Chomhar sa Gharda Cósta; MOLANN SÍ an comhar atá á dhéanamh idir institiúidí le haghaidh feidhmeanna garda laistigh den Fhóram Eorpach maidir le Feidhmeanna Garda Cósta agus fóraim maidir le feidhmeanna réigiúnacha garda cósta amhail Fóram an Atlantaigh Thuaidh maidir le Feidhmeanna Gharda Cósta agus Fóram na Meánmhara maidir le Feidhmeanna Garda Cósta;

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá leibhéil fheabhsaithe chibearshlándála a áirithiú sna hearnálacha muirí uile, go háirithe i gcomhthéacs teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun athléimneacht i gcoinne cibirionsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a mhéadú, agus, lena chois sin, cibearshlándáil mhuirí a áireamh i gcibir-idirphlé, i dtionscnaimh agus i ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta le comhpháirtithe an Aontais;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an athléimneacht a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear bonneagar criticiúil muirí a chosaint, chomh maith leis an gcumas cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áiritheofar go mbainfear úsáid chomhordaithe chomhtháite as uirlisí atá ann cheana agus as uirlisí nua a d'fhéadfadh a bheith ann chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha; CUIREANN SÍ I dTREIS a thuilleadh gur gá ullmhacht, feasacht staide agus acmhainneacht anailíse neamhspleách an Aontais a fheabhsú agus cuidiú le teacht aniar na gcomhpháirtithe a mhéadú;

11. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé slándáil mhuirí leormhaith leordhóthanach a áirithiú agus a fhorfheidhmiú i gcónaí laistigh den Aontas, reachtaíocht slándála iompair mhuirí an Aontais a bheith i bhfeidhm mar aon lena córas cigireachta, feabhas a chur ar shlándáil na long a úsáidtear sa trádáil idirnáisiúnta agus sa loingseoireacht intíre, agus ar shlándáil chalafoirt agus shaoráidí calafoirt an Aontais lena mbaineann, i bhfianaise bagairtí ó ghníomhartha neamhdhleathacha a dhéantar d'aon turas;

12. MOLANN SÍ DO na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin ar fad atá ann lena n-áirítear tríd an gCiste Eorpach um Iascach Muirí agus Dobharshaothrú chun gníomhaíochtaí a bhaineann le slándáil mhuirí agus faireachas muirí a mhaoiniú, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a liostaítear i bplean gníomhaíochta SSMAE;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil baol mór don chomhshaol, do shláinte an duine agus do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar muir ag baint le muinisin cheimiceacha, gnáthmhuinisin agus ordanás neamhphléasctha a chaitear san fharraige agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit na hiarrachtaí agus an comhar atáthar a dhéanamh a neartú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus le ECAT, chun feasacht ar na rioscaí sin a ardú, na limistéir lena mbaineann a mhapáil, faireachán a dhéanamh ar an gcreimeadh ar na hairm sin agus bearta éigeandála a fhorbairt, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta; ina theannta sin MOLANN SÍ dóibh dea-chleachtais a chomhroinnt, lena n-áirítear laistigh de choinbhinsiúin réigiúnacha farraige, féachaint ar fhoinsí féideartha cistiúcháin ón Aontas chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin, féachaint an bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna muinisin i gcreat taighde an Aontais atá ann cheana agus lámhleabhar nósanna imeachta a fhorbairt chun muinisin a aisghabháil nó a dhíothú ar bhealach atá sábháilte don duine agus don chomhshaol agus cur chuige coiteann a fhorbairt freisin chun déileáil leo sin, i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus ar a nDíothú, i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú, i gcás inarb infheidhme;

14. MOLANN SÍ do na Ballstáit tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar thionscnamh na gcuradh muirí is saorálaithe a leagtar amach i bplean gníomhaíochta SSMAE agus a bheith ina gcuraidh iad féin maidir le gníomhaíochtaí sonracha, i gcomhréir lena dtosaíochtaí agus a leasanna náisiúnta;

15. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an rannchuidiú suntasach seanbhunaithe atá á dhéanamh ag oibríochtaí muirí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais, lena n-áirítear EUNAVFOR ATALANTA, chun dul i ngleic leis an bpíoráideacht san Aigéan Indiach agus í a dhíothú ar deireadh; IS DÍOL SÁSAIMH DI an sainordú nua sínithe le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA; Admhaíonn na Ballstáit a thábhachtaí atá sé go mbeadh láithreacht Eorpach chabhlaigh fhiúntach sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach;

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur athnuadh an sainordú le haghaidh Oibríocht EUNAVFOR MED IRINI go ceann dhá bhliain go dtí an 31 Márta 2023, agus iarrann sí ar gach Stát brataí gníomhú de mheon macánta agus comhoibriú leis na cigireachtaí a dhéanann sócmhainní na hOibríochta agus iarrann sí ar na Stáit uile dlús a chur lena n-iarrachtaí sáruithe ar thrádbhac NA ar an Libia a chosc go héifeachtach; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le comhar oibríochtúil éifeachtach idir Ceannasaíocht Mhuirí ECAT agus EUNAVFOR MED IRINI, agus IARRANN SÍ go dtabharfaí i gcrích socrú riaracháin, ag tógáil ar an gcreat a baineadh amach le haghaidh Oibríocht SOPHIA de chuid EUNAVFOR MED;

17. TACAÍONN SÍ le cur chun feidhme gasta iomlán chás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine; i ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ tiomantas don tslándáil mhuirí trí chur chuige réigiúnach; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go scrúdóidh sí, ar bhonn na gceachtanna foghlamtha, an bhféadfaí an coincheap sin a chur i bhfeidhm i limistéir leasa mhuirí eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i gcomhréir freisin le Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint an 10 Bealtaine 2021;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI úsáid an líonra faireachais mhuirí (MARSUR) chun tacú le cás píolótach na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine, lena bhféadfaí rannchuidiú breise i dtreo líonra faireachais mhuirí, lena n-áirítear maidir le cumais agus modhanna feasachta staide muirí, a fhorbairt, rud a rachadh chun tairbhe do thionscnaimh a bheidh ann amach anseo agus do mhisin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint cur lena n-iarrachtaí MARSUR lánoibríochtúil a bhunú agus leanúint dá rialachas fónta a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na tíortha rannpháirteacha agus Lárionad Satailítí an Aontais chun acmhainneacht iomlán MARSUR a leathadh, lena n-áirítear trí fhaisnéis a mhalartú leis an timpeallacht chomónta;

19. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a n-iarrachtaí forbartha acmhainneachta a mhéadú a thuilleadh sa réimse muirí trí thosaíochtaí comhaontaithe forbartha cumas an Aontais a thabhairt ar aghaidh, lena n-áirítear na deiseanna comhoibríocha a sainaithníodh san athbhreithniú comhordaithe bliantúil ar chosaint faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha, an chiste Eorpaigh cosanta nó ar bhonn náisiúnta, agus lena chois sin faoi chuimsiú an phlean forbartha maidir le cumas sibhialtach;

20. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún taighde agus nuálaíocht a shaothrú agus litearthacht aigéan a chur chun cinn chun feabhas a chur ar fhorbairt an chumais mhuirí agus tacú le tuilleadh taighde ar thionchar an athraithe aeráide ar an tslándáil mhuirí; i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS, an ról lárnach atá ag an gclár Fís Eorpach i dtaca le taighde agus nuálaíocht i sineirgíocht leis an gciste Eorpach cosanta; MOLANN SÍ do na Ballstáit féachaint ar dheiseanna nua ag eascairt as an bPlean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis lena bhfeabhsaítear comhlántacht idir cláir agus ionstraimí ábhartha an Aontais, agus na bunúis dlí agus cineálacha éagsúla na gclár agus na dtionscnamh sin de chuid an Aontais faoi seach á n-urramú, lena n-áirítear cineál sibhialta chlár spáis an Aontais.